

Caint na nDaoine mar Bhonn Liteartha

Declan Kiberd

(CATHAOIRLEACH: BREANDÁN Ó BUACHALLA)

Deir Dubhghlas de hÍde go bhfuil dáiríreacht agus pearsantacht ag roinnt le filí an seachtú haois déag, de bhrí go raibh siad ar a mbonnaí féin den chéad uair. Tháinig feabhas ar chaighdeán na scríbhneoireachta de bharr an tsuathaidh seo. Bhí ar na filí a n-aire a dhíriú ar an bpobal coiteann agus b'iontach an smacht a chuir an dualgas sin ar a stíl, a dteanga agus a dteicníc. Bhí ar a gcumas labhairt amach anois i gcaint thírúil na cosmhuintire, cé nár thaithin san le hEochaidh Ó hEodhasa:

Do thréig sind sreatha caola
Foirceadal bhfaobhrach ffrithir
Ar shórt gnáthach grés robhog
Is mó as a moltar sinne.

B'fhacthas dó go rachfaí thar fóir le comhfhuaime agus le comhfhreagracht na ngutaí san amhrán, mar a tharla san ochtú haois déag. Ach is féidir a dhearbhu go ndeachaigh na baird thar cuimse le *béarla na bhfilí* agus le rialacha an dáin dhírigh. Ar an taobh amháin, sa séú haois déag, bhí bardfhillíocht róchasta againn, filíocht fhoirmeálta nach raibh puinn dáiríreachta ag roinnt léi go hiondúil; agus, ar an taobh eile, san ochtú haois déag, i ré an tSúilleabhánaigh, bhí filíocht róscailte againn. Idir an dá linn, sa seachtú haois déag, cuireadh filíocht den scoth ar fáil gan í a bheith róscailte ná rófhoirmeálta—mar a déarfadh T.S. Eliot, sintéis iontach idir traidisiún na mbard agus acmhainn phearsanta na bhfilí féin

a bhí inti. Fágann sin go raibh caint na ndaoine mar bhonn liteartha ó ré Chinn tSáile i leith. Tá cáil na cainte seo ar an Athair Peadar Ó Laoghaire, ach tá cuid mhaith de chaint na ndaoine i ndán a chum Dáibhí Ó Bruadair breis is dhá chéad bliain roimhe sin:

Mairg nach fuil ‘na dhubhthuata
gé holc duine ‘na thuata,
i ndóigh go mbeinn mágcuarda
idir na daoinibh duarca.

Mairg nach fuil ‘ina thrudaire
eadraibhse, a dhaoine maithe,
ós iad is fearr chugaibhse,
a dhream gan iúl gan aithne.

Dá bhfaghainn fear mo mhalarta
ris do reacfaínn an suairceas;
do-bhéarainn luach fallainge
idir é ‘gus an duairccas.

Ós mó cion fear deaghchulaith
ná a chion de chionn beith tréitheach,
trua ar chaitheas le healadhain
gan é a-niogh ina héadach.

Ós suairc labhartha is bearta gach buairghiúiste
gan uaim gan aiste ‘n theangain ná suanúchas,
mo thrua ar chreanas le ceannaraic chruaphrionta
ó bhuaic mo bheatha nár chaitheas le tuatúlacht.

Níl an chaint seo chomh crosta leis an bhfriotal fileata a chleacht sé de ghnáth, ach tá sí searbhasach nimhneach. Tá an chéad cheithre véarsa cumtha in ‘Ae Freislighe’, mar shampla den fhilíocht nach gcleachtaítear anois; agus ansin, sa véarsa deireanach, tugann sé sampla dúinn den sráidéigse a bhfuil sé ag caitheamh anuas uirthi. Ní hamháin go ndearbhaíonn Ó Bruadair céim síos an traidisiúin, ach meathann an traidisiún os ár gcomhair amach le hathrú na foirme. Coinbhinsiún liteartha a lig d’fhilí na haoise dán díreach a nascadh le hamhrán, ach léiríonn Ó Bruadair an fhírinne shearbh atá taobh thiar den choinbhinsiún sin—go bhfuil an seanchóras réabtha. Bard ba ea an Bruadaireach de réir an chórais sin, ach amháin go raibh an saol bunoscionn anois. Níorbh fhiú dó caint léannta na mbard a úsáid i ndáiríre agus, de dheasca sin, líon sé an chaint sin le híoróin shearbh. Níor tháinig an guagán gliog ná an chaint ró-éasca leis ach oiread, agus bhain sé leas as an dá chaint sa dán lena mhíshástacht a chur in iúl. Tá uaibhreas fite fuaite tríd